



An Solas Glas i leith Réabhlóidiú Iompair Phoiblí



Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2007

Athbhreithniú na nOibríochtaí	3	Príomhpholasaithe Cuntasaíochta	19
Stiúrthóirí agus Eolas Eile	13	Cuntas Brabúis agus Caillteanais	20
Tuarascáil na Stiúrthóirí	14	Clár Comhardaithe	21
Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	17	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	22
Tuarascáil na nIníúcháirí	18	Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	23

Le fás de 14.7% i líon na bpaisinéirí ó 2001 soláthraíonn seirbhísí Bus Éireann ceangal ríthábhachtach do phobail áitiúla agus tuaithe, ag an am céanna téann an chuideachta in iomaíocht le hoibreoirí Éireannacha agus ilnáisiúntacha ar luach, caighdeán, raon seirbhísí agus minicíocht tríd a líonra tráchtála agus brabúsach, Expressway.



Fostaithe Bhus Éireann Mai Conole agus Sharon Glennon leis an Aire Iompair Noel Dempsey T.D. agus Príomhoifigeach Feidhmíocháin Bhus Éireann Tim Hayes ag lainséal seirbhís feabhsaithe Dabhach Uisce.

Forbairtí atá tábhachtach ó thaobh na tráchtála de sa bhliain dár críoch 31ú Nollaig, 2007 agus saincheisteanna móra ar dhócha teacht chun cinn sa ghearrtéarma go meántéarma

Feidhmíocht Airgeadais


Thabhaigh an chuideachta caillteanas de €2.1 milliún i 2007 roimh scaoileadh na bhforálacha do dhliteanais agus táillí i gcomparáid le brabús €2.3 milliún i 2006. Ba bhliain dúshlánach í 2007 don chomhlacht. Bhí tionchar ag costais mhéadaithe i leith comhaontuithe breosla agus tuarastail agus ag costas méadaithe an bhrú tráchta atá ag dul in olcas ar chuid mhór de bhonn costais na cuideachta. Bhí tionchar ag iomaíocht mhéadaithe ó mhodhanna iompair eile i dteannta le hiomaíocht mhéadaithe laistigh den mhargadh bus a tháinig chun cinn de bharr eisiúint na gceadúnas ar phríomhbhealaí ar ioncam na cuideachta chomh maith.

Ar an taobh dearfach, tháinig sochar de €9 milliún chun cinn sa chuntas brabúis agus caillteanais mar thoradh ar scaoileadh na bhforálacha do dhliteanais agus táillí. Ar an iomlán, thaifid an chuideachta brabús de €6.9 milliún i 2007.

Is ionann an t-ioncam iomlán a tuilleadh i 2007 agus €282.9 milliún. Léiríonn sé seo an fás leanúnach atá ar súil le blianta beaga anuas.

D'ardaigh an t-ioncam go rianúil le blianta beaga anuas, de réir mar atá léirithe sa tábla seo a leanas:

Ioncam



Slánúchán Airgeadais Bainte Amach

Tá feidhmíocht airgeadais na cuideachta slánaithe ó 2002 i leith, nuair a thaifid sé caillteanas de €9.4 milliún.

Baineadh amach an staid airgeadais bhrabúsach reatha trí mheán rialúcháin airgeadais láidre agus tabhairt isteach na bhfeabhsuithe leanúnacha in oibríochtaí agus i gclár um bainistiú costais, nuair a lean an chuideachta uirthi ag leathnú a raon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta, ag an am céanna bhí orthu dul i ngleic le fadhb an bhrú tráchta atá de shíor ag fás. I rith 2007 bhí brú méadaithe ar an mbonn costais áfach, mar thoradh ar mhéaduithe i bpraghas an bhreosla agus méaduithe sna comhaontuithe tuarastail. Bhí spriocanna ioncaim faoi bhrú chomh maith toisc iomaíocht mhéadaithe i 2007.

Fóirdheontas

Fuair Bus Éireann fóirdheontas ón Stát, mar íocaíocht dá Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO), de €36.6 milliún i 2007. Is leibhéal fóirdheontais íseal é seo do raon leathan na seirbhísí a soláthraítear ar fud na tíre. Tháinig an costas a bhain leis na seirbhísí seo a sholáthar go €41.8 milliún roimh scaoileadh na bhforálacha do dhliteanais agus táillí. Tá a chuid acmhainní féin á úsáid ag Bus Éireann, ginte ar a sheirbhísí tráchtála d'fhonn tearcmhaoiniú na seirbhísí sóisialta a fhóirdheonú.

Tá meabhrán tuisceana ag Bus Éireann agus an Roinn Iompair maidir le leibhéal seirbhíse agus spriocanna do 2007 a áiríonn leibhéal na tacaíochta stáit. Bhain an chuideachta na spriocanna feidhmíochta go léir atá leagtha amach sa mheabhrán seo amach.

Méadú in Íocaíochtaí le Fochonraitheoirí

D'íoc an chuideachta €116 milliún le fochonraitheoirí i 2007. Déanann an mhéid seo tagairt do chostas busanna a fháil ar cíos agus cothabháil allamuigh na mbusanna.

Mórfhostóir

Is mórfhostóir náisiúnta é Bus Éireann le lucht saothair de 2,784.

Tá 1,428 soláthraí eile ar chonradh chun seirbhísí a chur ar fáil, go príomha don Scéim Iompair Scoile. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine chomh maith i roinnt mhaith earnálacha eile a sholáthraíonn seirbhísí agus earraí do Bus Éireann.

Díriú Ar Chustaiméirí

Líon na gCustaiméirí suas go 96 milliún

Mhéadaigh líon na gcustaiméirí de chuid Bus Éireann go 96 milliún i 2007, suas ó 92 milliún i 2006. Sheas líon méadaithe na ndaoine a bhí ag taisteal do mheán méadú de 4% ó 2006.

	An bhliain dár críoch 31ú Noll 2007 Mílte	2006 Mílte	Céatadán Athrú
Turais chustaiméara			
Seirbhísí cathracha cúige	22,085	21,940	1%
Seirbhísí sceidealta eile	28,136	27,783	1%
Scéim iompair scoile	45,507	42,367	7%
	95,728	92,090	4%


Mar atá léirithe sa tábla thíos, d'oibrigh an chuideachta iomlán de 167.62 milliún ciliméadair feithicle i 2007.

	An bhliain dár críoch 31ú Noll 2007 Mílte	2006 Mílte	Céatadán Athrú
Ciliméadair feithicle			
Seirbhísí cathracha cúige	8,529	8,317	3%
Seirbhísí eile - féin	84,400	83,401	1%
Seirbhísí eile - fochonraithe	74,695	65,791	14%
	167,624	157,509	6%

Fás Cúig Bliana Comhsheasmhach i gCustaiméirí

Le cúig bliana anuas, tá fás i líon na gcustaiméirí ar sheirbhísí Luasbhealaigh, comaitéireachta agus cathrach bainte amach ag Bus Éireann. Méadaigh turais na gcustaiméirí ó iomlán de 92 milliún i 2003, go 92.6 milliún i 2005 go 95.7 milliún i 2007.


Foriomlán Turais Custaiméirí



Sástacht Chustaiméara Fós Ard

Tugadh faoi an t-ocht iniúchadh neamhspleách de na tiomantais a tugadh i gcairt chustaiméirí Bus Éireann i 2007. Cuireann an t-iniúchadh seo sástacht na gcustaiméirí i gcomparáid le raon tiomantais fheidhmíochta atá tugtha sa chairt chustaiméirí.

Foriomlán Sastach Custaiméirí



De réir mar a léiríonn an tábla thuas, tá sástacht na gcustaiméirí ag ardú go rianúil gach bhliain. Taifeadh sástacht chustaiméara foriomlán de 90% i 2007, cé gur ardaigh leibhéal sástachta na gcustaiméirí i dtéarmaí sábháilteachta bus, minicíochta na seirbhísí, poncúlacht, amanna na scuaine, cairdiúlacht na dtiománaithe agus na foirne stáisiúin.

Lean úsáid chustaiméara de shuímh gréasáin Bus Éireann uirthi ag fás i leith rochtain ar eolas agus chun ticéid a cheannach ar líne araon. Fuair an suíomh gréasáin os cionn 250 milliún amais i 2007, a sheas do mheán de 22 milliúin in aghaidh na míosa. Thug torthaí an iniúchta neamhspleách le fios go dtáinig 43% de chustaiméirí Bus Éireann ar eolas ar líne.

Seirbhísí Nua do Chustaiméirí

Tugadh raon seirbhísí nua, feabhsaithe agus nuálaíocha, do chustaiméirí isteach i 2007.



Sheol Bus Éireann meaisíní díolta ticéad go raon láithreacha nua i 2007.

Réigiún an Oirthir

I réigiún an Oirthir, tháinig seirbhís 24 uaire iomlán i bhfeidhm ar bhealach Baile Átha Cliath/Aerfort Bhaile Átha Cliath/Béal Feirste. Cuireann an tseirbhís seo, an chéad cheann dá leithéid, leibhéal naisc thar na bearta ar fáil idir an dá chathair agus Aerfort Bhaile Átha Cliath, lá agus oíche, seacht lá sa tseachtain. Tá an tseirbhís chomh-riartha ag Bus Éireann agus Ulsterbus.

Cuireadh an chéad seirbhís lompar 21 i réigiún an Oirthir i bhfeidhm i mí na Nollag 2007 le tosú an bhealaigh nua 109A. Cuireann an bealach 109A naisc ar bhuille na huaire ar fáil ó 5rn ar aghaidh ag nascadh an Uaimh, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireann an tseirbhís, a bhfuil an-cuid tóir uirthi i measc comaitéirí, mic léinn agus turasóirí, naisc straitéiseacha tábhachtacha ar fáil idir príomh-láithreacha i gCo. na Mí, a príomhbhaile chomaitéireachta, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ceann de na hinstiúidí tríú leibhéal is mó sa tír.

Cuireadh tús le seirbhís nua chomh maith chuig an siopa Lochlannach d'earraí teaghlaigh, Ikea, a d'osclaíodh i mBéal Feirste i rith na bliana. Chuir Bus Éireann tús le dhá seirbhísí chuig an siopa, ó Busáras i mBaile Átha Cliath agus ó Dhroichead Átha agus Dún Dealgan.

Réigiún an Iarthair

Thosaigh seirbhís ardmhnicíochta ar an mbealach ó chathair na Gaillimhe/Dabhach Uisce i mí Iúil 2007. Thug Bus Éireann an tseirbhís feabhsaithe isteach faoi lompar 21. Méadaíodh an mhnicíocht ar an mbealach.

Cuireadh feabhas ar sheirbhísí déanacha istoiche sa chathair, le tabhairt isteach na seirbhísí Nightrider, atá i bhfeidhm ar oícheanta Aoine agus Sathairn ón Faiche Mhór go Órán Mór (trí Dabhach Uisce) agus Baile Chláir.

Feabhsaíodh seirbhísí luasbhealaigh chomh maith. Cuireadh imeacht déanach nua chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm, le tosú na seirbhíse díri ó Stáisiún Bus na Gaillimhe ag meán oíche, gach oíche.

Réigiún an Deiscirt

I gCorcaigh, tugadh roinnt feabhsuithe isteach ar sheirbhísí fo-uirbeacha lena n-áirítear na bealaí Corcaigh go Baile an Mhanaigh, an Bhlarna, Baile Uí Mhaoláin, le seirbhísí breise curtha i bhfeidhm ar an mbealach go hAerfort Chorcaí.

Tugadh seirbhísí breise isteach chomh maith ar bhealaí comaitéireachta ar nós Mainistir Fhear Maí, Eochail, Cloich na Coillte, an Sciobairín agus Droichead na Bandan.

Réigiún an Iar-Dheiscirt

Mar thoradh ar athrú i gcoinníollacha an cheadúnais iarrtha ag Bus Éireann, tháinig seirbhís fheabhsaithe chun cinn ar an mbealach Corcaigh/Luimneach/Gaillimh. Feidhmíonn na seirbhísí Luasbhealaigh go léir ar an mbealach anois trí Aerfort na Sionna ag nascadh an aerfort leis na trí phríomhchathracha réigiúnacha, gach uair sa dhá threo.

Tugadh isteach dhá sheirbhís laethúla samhraidh nua chomh maith ar an mbealach Ciarraí/Luimneach.

Imeachtaí Speisialta

Seoltar Iompar 21

San Earrach 2007, thionóil Bus Éireann sraith imeachtaí i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i mBaile Átha Cliath, chun a chuid pleananna faoi Iompar 21 a chur in iúl do gheallsealbhóirí.

D'fhreastal an tAire Iompair a bhí ann ag an am sin, Martin Cullen TD, ar na seoltaí agus d'fháiltigh sé roimh pleananna forbartha na cuideachta.

Bhí tinreamh maith ag gach imeacht, rud a léiríonn an suim áitiúil an-mór atá ann i dtodhchaí an iompair bhus sna láithreacha éagsúla. Rinne na Bainisteoirí Réigiúnacha éagsúla roinnt cur i láthair agus thug an tAire a chuid tacaíochta do phleananna na cuideachta chun seirbhísí a fheabhsú, faoin gclár Iompar 21.

Táirgeadh sain-bhróisiúr chomh maith do na himeachtaí, a leag amach sonraí na bpleananna forbartha, de réir an réigiúin. Leag siad seo amach an leathnú atá beartaithe don chabhlach agus sonraí na seirbhísí nua feabhsaithe atá le bheith curtha i bhfeidhm mar thoradh ar an infheistíocht agus

na mórán tairbhí a thabharfaidh sé seo don phobal ó thaobh dearcaidh eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta de.

Ghin gach imeacht an-cuid clúdach ó na meán cumarsáide agus freagairt áitiúil an-dearfach, le tacaíocht mhór léirithe do na pleananna agus tograí.

Oscailt Seirbhísí Bus agus Busárais Nua agus Feabhsaithe

I rith na bliana, bhí roinnt mhaith seoltaí ar súil chun oscailt na n-áiseanna nua agus tabhairt isteach na seirbhísí forbartha do chustaiméirí a shonrú.

I mí Feabhra chuir an tAire Iompair a bhí ann ag an am, Martin Cullen TD, an stáisiún bus nua i dTrá Lí atá lán inrochtana i láthair go poiblí.

In Aibreán, i ndiaidh athchóiriú a bhí dírithe ar inrochtaineacht a fheabhsú, d'oscail an tAire Cullen Stáisiún Bus na hInse go hoifigiúil chomh maith.

I mí Iúil, sheol an tAire Iompair nua-cheaptha, Noel Dempsey, an mhinicíocht fheabhsaithe ar an seirbhís ó Ghaillimh go Dabhach Uisce ag imeacht a bhí ar súil san Fhaiche Mhór.

Féilte Ceoil

D'fheidhmigh Bus Éireann cóistí chuig agus ó roinnt de na féilte ceoil agus ceolchoirmeacha is mó i 2007. I measc na himeachtaí seo bhí Motocross ag Caisleán na Sláine, an Garden Party ag Caisleán Bhaile an Locha i mBaile Átha Buí, Oxegen i mBaile Fuinse, an Midlands Music Festival sa Mhuileann gCearr, na Rolling Stones i mBaile Shláine agus Electric Picnic sa tSráidbhaile.

Imeachtaí Spóirt

Bhí seirbhís tointeála bus i bhfeidhm go rathúil ag Bus Éireann i rith Seachtaine Rása sa Ghaillimh i mí Iúil. Iompraíodh thart ar 55,000 duine go Baile an Bhriotaigh ar an seirbhís tiomanta, ag laghdú an bhrú tráchta go mór ar na príomhbhealaí chuig agus ón ráschúrsa.

Rannpháirtíocht Phobail

Clár Tacaíochta Pobail Luimnigh

Bhí an dara Chlár Tacaíochta Pobail Luimnigh bliantúil ar súil i 2007. Is é cuspóir an chláir ná cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'eagraíochtaí deonacha a oibríonn ag na bunleibhéil chun saol an phobail a fheabhsú. Bronnadh 30 dámhachtain ar ghrúpaí éagsúla idir cumainn na n-áitritheoirí agus grúpaí míchumais i 2007. Feidhmítear an clár i gcomhar leis an nuachtán an Limerick Leader.



Buaiteoirí Clár Tacaíochta Pobail Luimnigh 2007 leis an Aire Willie O'Dea T.D. agus pearsanra Bus Éireann.

Clár Feasachta Pobail Luimnigh

Lean an clár, atá ina cheathrú bliain anois, air i 2007, buíochas le cúnamh mór na scoileanna áitiúla i Luimneach, an pobal, na Gardaí agus comhordaitheoir an chlár (tiománaí do Bus Éireann).

Is í aidhm an chlár ná an ról tábhachtach ata ag an mbus i saol an phobail a thabhairt chun suntais do leanaí agus conas a bhíonn droch-thionchar ag loitiméireacht ar chomharsanachtaí. Léiríonn figiúirí nua ó Bus Éireann a thaispeánann laghdú i líon na gcásanna loitiméireachta sa chathair go bhfuil éifeacht aige anois. I 2007, thug an comhordaitheoir cuairt ar 24 scoil agus labhair sé le 3,390 páiste.

Bus Éireann Aitheanta do Chomhoibriú Pobail

Ainmníodh Bus Éireann do dhámhachtain ardghradam ag na Dámhachtainí Allianz Business2Arts 2007. Tugadh an t-ainmniúchán mar aitheantas den obair comhoibriúch a rinneadh idir Bus Éireann agus grúpa ceannaireachta ealaíon Chorcaí, an Triskel Arts Centre. Bhí Bus Éireann ina pháirtí le Triskel ar roinnt mhaith tionscnaimh, lena n-áirítear péinteáil mhúrmhaisiú ollmhór ag an mbúsáras agus taispeántas soghluaiste ar bhus na cathrach de chuid Bus Éireann.

Bonneagar agus Brú Tráchtá

Is ábhar imní measartha tromchúiseach é an brú tráchtá atá ag dul i méid lena héifeachtaí iarmhartacha ar chostais agus iontaofacht don chuideachta.

Is mór dheacracht é don chomhlacht as a dtagann an gá chun tuilleadh acmhainní a úsáid d'fhonn na seirbhísí eiseacha a chothabháil.



Ceann de bhusanna cathrach nua lompair 21 le hurlár íseal atá inrochtana.

Tá droch-thionchar aige fós ar iontaofacht sheirbhísí Bus Éireann go háirithe ag buaic-amanna, a bhíonn tionchar aige seo ar a seal ar ár gcumas chun ioncaim a chothú. Tá luasanna tráchtá níos ísle in Éirinn ná mar atá siad i láithreacha Eorpacha coibhéiseacha. Léiríonn anailís a rinneadh le déanaí gurb é €23 milliún costas an bhrú tráchtá don chuideachta. Tharla sé seo mar thoradh ar shreafa tráchtá agus meán-luasanna atá i bhfad níos measa ná mar atá i gcathracha agus bailte inchomparáide i dtíortha Eorpacha eile.

Thug Bus Éireann tacaíocht le fada an lá do thabhairt isteach lánaí bus agus bearta tosaíochta bus i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann chun dul i ngleic le brú tráchtá. Bíonn amanna turais níos giorra mar thoradh ar spás ar na bóithre a scaoileadh saor d'iompar poiblí, rud a ardaíonn mealltacht an iompair phoiblí. Laghdaíonn sé seo ar a seal líon na ngluaisteán príobháideacha ar an mbóthar, rud a fheabhsaíonn na coinníollacha tráchtá ginearálta agus laghdaíonn sé na hastuithe.

Chuaigh Bus Éireann i dteagmháil le bainistíocht an údaráis áitiúil i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun bearta tosaíochta a phleanáil agus a chur chun cinn. Chuir an comhlacht an cumas acmhainneachta um oscailt na ngualainne crua chun cinn chomh maith agus a úsáid mar lánaí bus nuair is féidir.

I rith 2008 tá an chuideachta ar bís leis an saincheist seo a chur ar aghaidh a thuilleadh.

Bearta Tosaíochta Bus

Tá tabhairt isteach na mbearta tosaíochta bus rithábachtach d'fhoráil na seirbhíse feidhmiúil atá éifeachtach ó thaobh costais de atá dírithe chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Tá bearta ar nós Bealaí Glasa agus Conairí Bus Cáilíochta rithábachtach ar mhaithe leis an mbus a scaireadh ó thranglam tráchtá agus chun iontaofacht agus mealltacht an iompair phoiblí a fheabhsú.

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas i bhforbairt na mbearta tosaíochta bus ar fud na príomh-chathracha i 2007.

I gCorcaigh, rinneadh a thuilleadh dul chun cinn agus anois tá 5 cinn as na 9 mBealaí Glasa ann a imlíníodh i bPlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (CASP).

Is iad seo ná:

- An Ghráinseach/Corrach Mhic Chonmhaigh go Lár na Cathrach (Bealach Uimh 6)
- An Corraichín go Lár na Cathrach (Bealach Uimh 8 theas)
- Baile na mBocht go Lár na Cathrach (Bealach Uimh 8 thuaidh)
- Aerfort go Lár na Cathrach (Bealaí 226/249)
- Cnoc na hAoine/Garrán na mBráthar go Lár na Cathrach (Bealaí 2/3 thuaidh)

Áiríonn an Bealach Glas ó Chnoc na hAoine/Garrán na mBráthar a tugadh isteach i 2007 lána bus in aghaidh na sreibe ar Ché Camden agus Droichead Naomh Pádraig, atá an-tairbheach do sheirbhísí bus.

Tá an chuid 'cathrach' den Bhealach Glas ó Bhaile an Chollaigh go Lár na Cathrach críochnaithe chomh maith ach ní bheidh an chuid 'contae' i mBaile Bhaile an Chollaigh críochnaithe go dtí 2009 toisc oibreacha príomhdhraenála sa bhaile. Táthar ag súil le dul chun cinn chomh maith ar dhá Bhealach Glas eile – Fearann Riabhach/An Linn Dubh go Lár na Cathrach agus Rinn an Scidígh/Carraig Uí Leighin go Lár na Cathrach i rith 2008.

I Réigiún an Oirthir, leanann an chuideachta uirthi ag oibriú go dlúth le hOifig an Líonra Bus Cáilíochta agus na húdaráis áitiúla go léir maidir le foráil na mbearta tosaíochta bus breise go háirithe ar na príomhbhealaí gathacha isteach i mBaile Átha Cliath. I rith 2007 tá cuid mhór de na scéimeanna seo á gcur ar aghaidh lena n-áirítear scéim chun tuilleadh bearta tosaíochta bus a chur ar fáil ar an gConair N3.



An Comhairleoir Flan Garvey, Méara an Chláir; an tAire Iompair, Martin Cullen T.D.; Miriam Flynn, Bainisteoir Réigiúnach; Tony Kileen T.D. agus Brendan Daly T.D. ag lainséal Stáisiún Bus na hInse.

I Luimneach, chuir an Chomhairle Chontae dara Bealach Glas na cathrach i gcrích a théann ó timpeallán Uí Chuanach go dtí an t-acomhal ag Ivans i gCathair Dháibhín.

Is tionscnamh é seo a bhfuil fáilte roimhe toisc an tranglam tráchta trom a chuireann moill ar sheirbhísí do chustaiméirí i Luimneach.

Tá an leathnú breise den Bhealach Glas seo atá ann faoi láthair i limistéar an Chontae ó Timpeallán an Ráithín go dtí Siopalann an Chorráin agus isteach go lár na cathrach, rithábhachtach don fhoráil de sheirbhís ardmhinicíochta éifeachtach ar an mbealach seo agus tá díospóireachtaí ar súil go leanúnach le comhairle Cathrach Luimnigh sa chaoi seo.

Tá fáilte mór roimh tionscnaimh ar nós na Bealaí Glasa, atá maoinithe ag an Roinn Iompair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, agus tá an chuideachta ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn sa réimse seo i 2008 i ngach cathair, Baile Átha Cliath san áireamh.

Páirceáil agus Taistil

Corcaigh

Feidhmíonn Bus Éireann an tseirbhís Páirceála agus Taistil Black Ash i gCorcaigh faoi chonradh do Chomhairle Cathrach Chorcaí. Pléadh leathnú dhá bhliain don chonradh trí bliana bunúsach go rathúil i 2007. Tá an-cuid tóir i measc custaiméirí ar an seirbhís a chuirtear ar fáil ag Bus Éireann i gcomhar leis an gcomhairle cathrach. Taifeadadh méadú 15% i líon na bhfeithiclí a bhain úsáid as an Black Ash i 2007.

I 2007, d'fheidhmigh Bus Éireann an tseirbhís bhliantúil, Páirceáil agus Taistil na Nollag ó Halla an Chontae go lár na cathrach go rathúil chomh maith.

Gaillimh

I 2007, d'éirigh le Bus Éireann don tríú bhliain as a chéile i bpróiseas forthairisceana de chuid Comhairle Cathrach na Gaillimhe le bheith ina oibreoir Páirceála agus Taistil na Nollag. Feidhmíonn an tseirbhís Páirceála agus Taistil ón ráschúrsa i mBaile an Bhriotaigh go dtí an Radharc an Aonaigh i lár na cathrach, trí Bhóthar an Choláiste agus Loch Atalia. Imíonn sé gach 15 nóiméad i rith na seachtaine i rith tréimhse na Nollag.

Teicneolaíocht

Baineadh amach tuilleadh dul chun cinn ar rolladh amach an Chórais Láithrithe Feithicle Uathoibríche (AVL) i 2007 mar seo a leanas:

Bailíodh eolas GPS ó níos mó ná 2,000 stadanna bus ar fud na tíre. Tá an t-eolas seo riachtanach ionas go bhfeidhmeodh an córas AVL i gceart.

Cuireadh réiteach líonra soghluaiste i bhfeidhm ag oibreoir líonra ceannaireachta don tionscadal AVL. Cuireadh líonra LAN gan sreang isteach i 12 stáisiún bus de chuid Bus Éireann ar fud na tíre. Ag baint úsáid as an líonra seo, is féidir ualaigh móra sonraí a íoslódáil gan sreang chuig agus ó bhusanna.

I 2007, feistíodh 530 bus de chuid Bus Éireann ina iomlán leis an gcóras AVL. Feistíodh na busanna nua go léir a seachadadh i 2007 leis an gcóras AVL chomh maith. I measc cuid den phríomh-threalamh a suiteáladh bhí córas cumarsáide gutha, monatóir d'imoibriú leis an gcóras agus ríomhaire ar bord ar mhaithe le riaradh an chórais.

Samhlaítear go ndéanfar an córas AVL a thástáil beo i gceantar Bhaile Átha Cliath i rith 2008. Nuair a théann an córas beo, cuirfear sonraí fíor-ama ar fáil don phobal atá ag úsáid seirbhíse SMS, ar an Idirlín agus ar thaispeántais teachta i mBusáras.

Rinneadh a thuilleadh dun chun cinn chomh maith le tabhairt isteach na meaisíní díolta ticéad i stáisiún bhus i rith na bliana. Suiteáladh meaisíní i mBaile Átha Luain agus i dTrá Lí agus tugadh isteach tuilleadh meaisíní freisin i mBusáras agus i gCorcaigh. Tá tóir ar na meaisíní i measc custaiméirí a cheapann go bhfuil siad éasca agus tapa le húsáid. Tá feidhmiúlacht Slise agus Pin ag na meaisíní nua a tugadh isteach i 2007 chun ligean d'idirbhearta cárta creidmheasa/ dochair daingne agus beidh siad comhoiriúnach le pleananna do thicéadú comhtháite.



Rinneadh tastáil ar Chóras Solais Gealánaigh Rabhaidh do bhusanna scoile le linn 2007.

Inrochtaineacht

Gabhadh faoi agus cuireadh i gcrích obair athchóirithe i Stáisiún Bus na hInse i 2007 d'fhonn inrochtaineacht a fheabhsú do chustaiméirí agus baill foirne maolghluaiste. Bhí an tionscadal maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin Plean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013.

Cuireadh stáisiún bus lán inrochtana i gcrích chomh maith agus osclaíodh go hoifigiúil é i dTrá Lí i mí Feabhra 2007.

Faoi chlár uasghrádaithe na gcabhlach Iompar 21 agus Bus Éireann, rinneadh orduithe le haghaidh feithiclí cathrach, comaitéireachta agus Luasbhealaigh nua agus inrochtana.

Iompar Scoile

D'oibrigh Bus Éireann go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le roinnt mhaith tionscnaimh chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse a gcuirtear ar fáil faoin Scéim Iompair Scoile, agus chun sábháilteacht na bpaistí scoile a bhíonn ag taisteal a fheabhsú. Is iad seo a leanas na tionscnaimh:

- Ó Eanáir 2007, beidh criosanna sábhála ar chaighdeán cuí suiteáilte i mbusanna scoile uile de chuid Bus Éireann agus conraitheoirí a chuireann na seirbhíse tiomanta ar fáil faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
- Cuireadh deireadh iomlán leis an gcur chuige maidir le cóiríocht a chur ar fáil ar bhonn trí dhalt in aghaidh an tsuíoicháin do bheirt dhuine fásta. Cuireann na seirbhíse go léir atá ar fáil faoin Scéim Iompair scoile cóiríocht ar fáil anois ar bhonn aon pháiste amháin in aghaidh an tsuíoicháin do dhuine fásta.
- Leanann an fhorbairt ar aghaidh le fréamhshamhail éifeachtach i bhfoirm Córais Solais Gealánaigh Rabhaidh do bhusanna scoile. Aithníodh limistéar an riosca féideartha is mó do shábháilteacht na bpaistí scoile a bhaineann úsáid as iompar mar an t-am sula dtéann páistí ar bord nó tar éis dóibh tuirlingt den mbus scoile. Is é rún an chórais seo ná feabhas a chur ar shábháilteacht na bpaistí i rith na tréimhse rithabhachtach seo dá dturas ó agus chuig an scoil trí mheán gluaisteánaithe a chur ar an eolas go soiléir, ag baint úsáid as soilse gealánacha, go bhfuil páistí scoile ann i gcomharsanacht an bhus, agus chun druid ar aghaidh go cúramach.

- Faoi dheireadh 2007, tugadh isteach líon iomlán de 50 bus scoile tiomanta, le dath buí geal libhré orthu agus iad go léir feistithe le córais CCTV, mar chuid den Chabhlach Bus Scoile.
- Mar chuid dár bhFeachtas Sábháilteachta leanúnaí, forbraíodh Seó Bóthair um Shábháilteacht Bus Scoile de chuid Bus Éireann agus chuaigh sé ar thuras go seónna talmhaíochta i naoi gcontae déag ar fud na tíre i 2007. Bhí dhá bhus scoile nua mar chuid den seó a bhí curtha in oiriúint go speisialta chun sábháilteacht bus scoile agus caitheamh na gcriosanna sábhála a chur chun cinn. Cé go giorraíodh bun-fhéilire na n-imeachtaí toisc aimsir doineann, bhí an-tóir ar an Seó Bóthair agus é mar chuid de 30 seó.
- Cuireadh le gach chuairt den Seó Bóthair um Shábháilteacht Bus Scoile ag feachtais na meán áitiúla d'fhonn an chuairt a chur chun cinn agus d'fhonn teachtairí sábháilteachta tábhachtacha a chur in iúl. Lean an eilimint seo den Fheachtas Sábháilteachta ar aghaidh i rith míonna an tsamhraidh agus ghin sí suim ó na meáin náisiúnta chomh maith. D'oibrigh an chuideachta freisin leis an Údarás um Shábháilteacht Bóithre ar a Clár Sábháilteachta Scoileanna.
- Chun comhtharlú le tosú na Bliana Scoile nua, bhí feachtas meáin ar súil, ina raibh fógra teilifíse arna tháirgeadh ag Bus Éireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta d'fhonn páistí scoile a spreagadh chun a gcriosanna sábhála a chur orthu, thar cúpla seachtain, i dteannta le feachtas comhchosúil a bhí dírithe go príomha ar thuismitheoirí agus a bhí ar an raidió náisiúnta agus áitiúil, agus i bpictiúrlanna.



- Bhain Bus Éireann úsáid as seirbhísí na saineolaithe neamhspleácha seachtracha chun iniúchtaí fánacha de chaighdeáin chothabhála a dhéanamh ar bhusanna scoile de chuid Bus Éireann agus ar bhusanna na gconraitheoirí chomh maith a úsáidtear chun seirbhísí a sholáthar faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, d'fhonn comhairle agus cúnamh a chur ar fáil a chabhróidh le cinntiú go bhfanfaidh nósanna imeachta cothabhála na gcabhlach comhsheasmhach le dea-chleachtais tionscail.

Leanann caighdeán agus raon na seirbhísí iompair scoile atá á chur ar fáil faoin Scéim Iompair Scoile orthu ag feabhsú, le dhá chéad caoga seirbhísí nua tugtha isteach i 2007. Tá seirbhísí nua do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu fós mar an phríomh-chuid de na seirbhísí nua-thugtha isteach. Cuireadh roinnt mhaith de na seirbhísí nua ar fáil chomh maith chun freastal ar líon mhéadaithe Gaelscoileanna agus scoileanna Ag Foghlaim Le Chéile go náisiúnta.

Tá 263 feithicil atá inrochtana do chathaoirí rothaí ann anois ag cur seirbhísí iompair scoile ar fáil gach lá scoile, líon a sheasann do mhéadú de 27 níos mó ná mar a raibh ann i 2006.

Iompraíodh thart ar 135,000 páiste dhá uair sa lá ar chabhlach tiomanta de chuid Bus Éireann agus ar bhusanna conraitheoirí de níos mó ná 3,850 feithicil, agus chomh maith leis sin ar sheirbhísí bus agus iarnróid náisiúnta agus áitiúla sceidealta atá faoi úinéireacht phoiblí agus ceadúnaithe go príobháideach. Téitear faoi os cionn 45.5 milliún turas ag páistí a bhíonn ag taisteal faoin Scéim Iompair Scoile gach bliain, agus taistealaíonn na busanna scoile a úsáidtear thart ar 91 milliún ciliméadar ar bhonn bliantúil.

Na nOibríochtaí a Fheabhsú

Sábháilteacht agus Bainistiú Riosca

Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár mbaill foirne fíorthábhachtach do Bus Éireann. Leanann an chuideachta uirthi ag athneartú cultúr sábháilteachta ar fud na hoibríochta. Lean an chuideachta uirthi ag infheistiú in oiliúint ar nós Ard-Oiliúint Tiomána agus oiliúint um iniúchadh feithiclí d'fhoireann cothabhála i 2007. I gcomhréir leis an mbeartas, déanann an comhlacht athbhreithniú agus nuashonrú ar a cuid córais bhainistíochta sábháilteachta go rialta.

Mór-Fheabhsuithe Stáisiúin Bus

Tháinig dhá mór-fhorbairt stáisiúin bhus i gcrích i 2007, le hoscailt an Stáisiúin Bhus nua i dTrá Lí i mí Feabhra agus

críochnú an athchóirithe de Stáisiún Bus na hInse. Cuireadh oibreacha athchóirithe i gcrích chomh maith i mBusáras i rith na bliana agus i Ros Láir, cuireadh tús le tionscadal inrochtaineachta.

Trá Lí

Tá an stáisiún nua, atá 440 méadar cearnach i méid agus lán-inrochtana, suite os comhair Stáisiún Iarnróid Thrá Lí, ag ligean do chustaiméirí aistriú gan uaim a dhéanamh idir áiseanna bus agus iarnróid, agus cuireann sé cuspóir na forála iompair chomhtháite chun cinn.

Ionchorporaíonn sé gnéithe ar nós doirse uathoibríocha, cosáin le rampaí, córais lúibe éisteachta, leithris inrochtana do dhaoine le míchumais, córais chodarsnachta datha, córais chomharthaíochta iomlána cuí s.r.l. Tá bána bus tiomanta ann chun ligean do theacht agus imeacht sábháilte ár gcustaiméirí.

Inis

Rinneadh uasghrádú ar Stáisiún Bus na hInse i 2007. Rinneadh an taobh istigh a athdhearadh agus a uasghrádú, le háiseanna cuntair nua curtha ar fáil ann le gnéithe soghluaiste agus áise éisteachta ann. Tá limistéar siúlóide leathnaithe curtha ar fáil chomh maith do chathaoireacha rothaí agus bhugaithe.

Busáras

Cuireadh dara phas an athchóirithe de Busáras i gcrích i 2007.

Bhí athchóiriú an ghlónra umha san fhoirgneamh, uasghrádú an phríomhbhealaigh isteach agus suiteáil an tsoilsithe breise i gceist leis an bpas seo. Rinneadh leagan amach an chlóis bhus a athchumrú le cosáin nua agus rochtain níos sábháilte. Dearadh agus cuireadh suas an ceannbhrat teachta ar thaobh Sráid an Stórais. Rinneadh deisiúcháin brice agus cloiche ar an bhfoirgneamh chomh maith.



Uasghráduithe Cabhlaigh

Faoi lompár 21, formheasadh maoiniú don sholáthar de 160 feithicil i 2006, le tuilleadh maoinithe le haghaidh 75 feithicil breise formheasta san earrach i 2007. Cuireann an maoiniú seo ar chumas Bus Éireann uasghrádú a dhéanamh ar sheirbhísí eiseacha do chustaiméirí ar bhealaí PSO agus chun seirbhísí nua a thosú.

Bhí an infheistíocht seo mar chuid de lompár 21 i rith na bliana. Ceannaíodh 48 bus cathrach Volvo Wrights le hurlár íseal atá inrochtana do chathaoireacha rothaí, agus chuaigh roinnt dóibh isteach sa seirbhís i 2007. Soláthraíodh 69 cóistí comaitéireachta inrochtana eile chomh maith.

Mhainigh Bus Éireann cóistí Luasbhealaigh inrochtana nua chomh maith as a cuid acmhainní féin. Seachadadh an chéad cheann de na 11 cóistí Scania SP nua seo mar chuid de tráinse de 60 cóiste inrochtana.

Feabhsuithe don Ghréasán Bóithre ar fud na Tíre

Tá deiseanna agus constaicí ann don chuideachta mar thoradh ar oscailt na mótarbhealaí agus tógáil na seachbhóithre. Roimhe seo, bhí dea-sheirbhís le fáil i roinnt mhaith láithreacha ar bhonn tráchtála toisc go raibh ar an mbealach dul tríd an láthair sin. Ní hé seo an cás a thuilleadh toisc na roghanna eile de mótarbhealaí agus seachbhóithre a úsáid agus mar sin éireoidh roinnt seirbhísí trí láithreacha áirithe neamheacnamaíoch. Déantar é seo a imshocrú ag ceadúnais atá á eisiúint d'oibreoirí eile chun seirbhísí níos díri a reáchtáil agus roinnt dóibh roimh seirbhísí Bus Éireann le hais na príomh-chonairí. Go hachóimre, beidh cothú na seirbhísí dá leithéid seo, trí mheán láithreacha tánaisteacha ag brath go mór ar leibhéal an mhaoinithe PSO atá ar fáil.

Ag Infheistiú i nDaoine

Forbairt & Oiliúint Foirne

Rinneadh cláir oiliúna agus forbartha éagsúla i rith 2007 le baill foirne ó na catagóirí éagsúla a bhí ag glacadh páirte.

Oiliúint Tiománaithe

Lean oiliúint athnuachana do tiománaithe rialta agus páirtaimseartha ar aghaidh i rith na bliana leis an mbéim ar theicnící tiomána cosantacha agus ar chosc na dtimpistí.

Foireann Chothabhála

I rith na bliana ghlac roinnt baill foirne chothabhála páirt i gcláir oiliúna teicniúla speisialtóra, chun a gcuid scileanna i ndiagnóisic innill a uasghrádú.

Oiliúint Phrintísigh

Gabhann an chuideachta faoi chlár oiliúna printísigh i gcomhar le FÁS. Tarlaíonn oiliúint “ar an láthair” agus bíonn blocscaoileadh chuig na hInstitiúidí Teicneolaíochta i gceist léi chomh maith. Tá an clár riachtanach d’fhonn bunú na bhfoirne oilte a chothabháil mar chuid den phróiseas pleanála earcaíochta.

Foireann Chléireachais

Dhírigh an oiliúint don fhoireann chléireachais go príomha ar fhorbairt agus uasghrádú na sain-scileanna ar nós teicneolaíocht faisnéise agus cúram custaiméirí d’fhoireann tosaigh.

Forbairt Mhaoirseachta

Thosaigh Clár Forbartha Maoirseachta do chigirí agus mhaoirseoirí cothabhála i 2007 agus leanfaidh sé air i rith 2008. Díríonn an clár ar stíleanna maoirseachta agus forbraíonn sé na hinniúlachtaí riachtanacha chun ról an mhaoirseora a dhéanamh go héifeachtach chomh maith.

Forbairt Bhainistíochta

Lean Clár Dioplóma sna Léinn Bhainistíochta lompair a thosaigh i Meán Fómhair 2005 ar aghaidh i rith 2006 agus 2007. D’fhorbair Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus Údarás Eitlíochta na hÉireann an clár seo. Thosaigh líon iomlán de 4 bhall foirne leis an gcúrsa i 2005, 14 i 2006 agus 8 i 2007. Is é cuspóir an chúrsa ná an fhoireann a fhorbairt do phoist bhainistíochta agus chun na gnéithe éagsúla den fheidhm bhainistíochta a aithint agus chun an oiliúint chuí a thabhairt le measúnú leanúnach.

Póilíneacht/Ceadúnú Bus

Cuireadh ábhair imní na cuideachta maidir le heisiúint na gceadúnas agus póilíneacht na rialachán ar aghaidh go hoifigigh de chuid na Roinne Iompair.

Cé go gcruthaíonn teacht na mótarbhealaí deis chun seirbhís níos díri a chur ar fáil, cruthaíonn sé dúshlán chomh maith maidir le cothú na seirbhísí chuid láithreacha tánaisteacha/seachanta. Bhí na láithreacha seo ar an bpríomhbhealach cheana agus mar sin bhain siad taitneamh as dea-mhinicíocht chian-seirbhísí a d’fhéadfaí a fheidhmiú ar bhonn tráchtála. Amach anseo, beidh na seirbhísí seo níos lú eacnamaíche le soláthar.

Is féidir an dúshlán a bhaineann le cothú na gcreatlaí de sheirbhísí dá leithéid a chumasc nuair a tugtar isteach seirbhísí iomaíocha a dhíríonn ar fheidhmiú go díreach idir na príomh-láithreacha.

Cuireann Bus Éireann líonra forleiththeadach seirbhísí ar fáil bunaithe ar chlár ama a cheangail agus láithreacha a mhalartú. Is féidir tabhairt faoi taisteal le tré-thicéad amháin le táille ísliithe. Aithnítear go bhfuil sé seo tábhachtach ach go háirithe do láithreacha tuaithe ós rud é go gceanglaíonn sé láithreacha níos lú leis an mbaile is cóngaraí agus i bhfad níos faide le raon leathan chinn scríbe. Baineann líon mhór chustaiméirí áis as an líonra comhtháite reatha seo chun turais a dhéanamh óna mbailte féin chuig raon leathan láithreacha ar fud na tíre nach bhfuil ceangailte go díreach.

Dílárú

Tugann an chuideachta tacaíocht do phrionsabal an díláraithe. Ní mór don chuideachta a bheith in ann feidhmiú chomh éifeachtach / feidhmiúil mar atá faoi láthair ar a laghad, áfach.



Osclaíodh an stáisiún nua bus i dTrá Lí, maoinithe ag an Phlean Forbatha Náisiúnta, go hoifigiúil i mí Feabhra 2007.

Stiúrthóirí amhail ag 31 Márta, 2008

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach

T. Honan Uasal

An tUas. J. Pender

An tUas. J. Byrne

An tUas. J. Hegarty

An tUas. R. Langford

An tUas. J. Moloney

An tUas. B. McCamley

Príomhfheidhmeannach

An tUas. T. Hayes

Rúnaí agus Oifig Chláraithe

A. Keane Uasal,

An Chloch Leathan,

Baile Átha Cliath 7.

Teileafón: 00 353 1 703 3447

Facs: 00 353 1 703 3486

Suíomh Gréasáin: www.buseireann.ie

Uimhir Chláraithe 119570

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers,

Cuntasóirí Cairte agus Iníúcháirí Cláraithe,

Duga Spencer,

Baile Átha Cliath 1.

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair faoi réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 de chuid na hÉireann agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, atá mar chuid de na cuntais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, roimh ré faoi réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bhainistithe iompair é Bus Éireann, arb iad a príomh-ghníomhaíochtaí ná bainistiú agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán lánpháirtithe seirbhísí, ag baint úsáide as a cuid acmhainní féin agus as acmhainní fochonraitheoirí. Clúdaíonn an gréasán lánpháirtithe sin seirbhísí cóistí achar fada, agus seirbhísí busanna áitiúla, tuaithe, coimiteara, cathracha cúige agus bailte móra cúige. Tá an chuideachta freagrach freisin as bainistiú agus soláthar na Scéime Iompair Scoile náisiúnta thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Thaifead an Chuideachta barrachas foriomlán de €6,903,000 tar éis íocaíocht de €36,595,000 i leith Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí a dhéanamh. D'ardaigh líon na dturas paisinéirí bóthair de 1% go 50.22 milliún turas agus d'ardaigh líon na dturas Scoile de 7% go 45.5 milliún turas i 2007.

D'ardaigh láimhdeachas €17.9 milliún go €282.9 milliún i mbliain chrua trádála mar go raibh níos mó iomaíochta i gceist leis na gnéithe is brabúsaí sa líonra. Tháinig ardú go €122.7 milliún ar phárolla agus costais ghaolmhara i rith na bliana ag teacht leis an ardú sa chomhaontú náisiúnta pá agus ardú i gcostais phinsin fostóirí.

D'ardaigh costais ábhar agus seirbhísí go príomha mar thoradh ar chostais bhreosla agus ar chostais ardaithe chonraitheoirí.

Baineadh laghdú sa tsoláthar le hghaidh fiachas agus le haghaidh muirear amach mar thoradh ar thimpeallach éileamh ina hiomlán níos fabhraí agus a chuir leis an bharrachas feabhsaithe i 2007 de €6.9 milliún (2006 - €2.3 milliún).

Infheistíodh €32.2 milliún i bhfeabhsúcháin flit i rith na bliana mar pháirt de Iompair 21.

Tá an Chuideachta ag leanúint lena fócas láidir ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht a seirbhísí a fheabhsú do gach custaiméir. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta, athbhreithníonn na bainisteoirí mar aon le stiúrthóirí na Cuideachta raon de phríomhtháscairí feidhmíochta oibríochta agus airgeadais, go rialta.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na Cuideachta don bhliain san Athbhreithniú ar leathanaigh 3 go 12.

Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 19 go 32. Taispeánann na torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 barrachas de €6,903,000 (2006 - Barrachas €2,311,000).

Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta i bhfeidhm ag Bord Bhus Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, na rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus ar bhainistiú riosca. Cothabhálann an chuideachta clár riosca agus déantar uasghrádú air ar bhonn leanúnach le go ndéanfaidh na stiúrthóirí agus na bainisteoirí sinsearach athbhreithniú air.

Tá Coiste Sábháilteachta Boird agus Coiste Cothabhála Boird ann freisin chun cúrsaí sábháilteachta, cúrsaí cothabhála agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus tuairiscíonn siad chuig bord Bus Éireann.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Bhí 13 cruinniú ag chomhairlí Comhpháirtíochta áitiúla i 2007, a tionóladh i suímh de chuid na cuideachta ar fud na tíre. Bhí cruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha, atá comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, de Ceannairí Feidhme agus de na hOifigigh Cheardchumainn Náisiúnta lánaimseartha, i mBaile Átha Cliath.

Tionóladh cruinniú den Ardghrúpa, comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, de na ceannairí feidhme, na hoifigigh cheardchumainn náisiúnta lánaimseartha, na stiúrthóirí oibríthe agus ionadaí amháin ó gach comhairle áitiúil i rith na bliana.

Is fóram í an Scéim do Chomhpháirtíocht Fiontraíochta ó cuireadh tús léi i 2003, atá thar a bheith fiúntach chun eolas a mhalartú idir na bainisteoirí agus daoine den fhoireann maidir le moltaí agus tograí d'fhorbairt ghnó agus maidir le saincheistanna eile lena mbaineann buntáistí do chách. Chuidigh na comhairlí áitiúla go praiticiúil leis an bpróiseas comhpháirtíochta.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta folláine a fostaithe a chinntiú trí áit oibre shábháilte a chothabháil agus tríd an reachtaíocht fostaíochta iomchuí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Bhí cruinnithe ag coiste sábháilteachta Bhord Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal fo-bhoird i 2004, roinnt uaireanta i rith na bliana. Déanann an grúpa monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta i gcoinne phlean sábháilteachta bliantúil agus spreagann an grúpa an méid is mó rannpháirtíochta agus is féidir maidir le feachtas sábháilteachta agus maidir le timpistí a chosc sa chuideachta.

Rialachán CE 2002 (Íocaíocht Mhall)

Admhaíonn na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir lena chinntiú, i ngach gné ábhartha, go gcomhlíonfar forálacha Rialachán CE (íocaíocht mhall) 2002. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad ar a mbíonn sonraisc dlíte a íoc a aithint agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábhartha maidir leis na rialacháin.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Bhí dul chun cinn leanta ar chomhionannas agus éagsúlacht i 2007.

Bhí ceithre chruinniú in aghaidh na bliana ag an Ghrúpa Comhairleach Comhionannais agus thug siad Ráisteas Comhionannais agus Éagsúlachta chun cinn do Bhus Éireann. Tá an ráisteas seo á dháileadh ar an fhoireann uilig.

Lean Bus Éireann lena bhaint leis an Údarás Comhionannais agus le comhlachtaí eile iompair i gclár a dhíríonn ar aoiseachas. Seoladh tuairisc *"Ag cur Plean Gníomhaíochta do Chur Chun Cinn Seirbhísí Iompair Aois Chairdiúil"* ag an Údarás Comhionannais i mí na Bealtaine 2007 ag tabhairt breac-chuntais ar an dul chun cinn go dáta. Go chomhuaineach

rinne Bus Éireann cáipéis dár teideal *"Seirbhísí Aois Chairdiúil ag ar gCustaiméirí"* a fhorbairt. Dáileadh an cáipéis ar an fhoireann oibre uilig agus tá sé san áireamh sna cáipéisí ionduchtaithe ag gach uile fhostaithe nua.

Reachtáladh suirbhé cuimhsitheach den fhoireann uilig i dtaca le míchumas san ionad oibre. Glacadh go han-mhaith leis an tsuirbhé agus d'fhreagair céadatan ollmhór (38%) den fhoireann an suirbhé. Léiríonn an fhreagairt an-mhór seo an tiomantas mór ag an fhoireann agus ag an bhainstíocht i mBus Éireann do réimse an mhíchumais.

Le tacú leis an phróifíl éagsúil de chuistiéirí agus de fhostaithe atá ag fás agus ag tógáil ar an obair a rinneadh blianta eile, rinneadh Seachtain Fhrithchínochas Ionad Oibre a comóradh le lá bratach na 29 náisiúntachtaí ag na fostaithe ata ag obair ag Bus Éireann.

Leabhair Chuntais

Is iad na bearta ar ghlac na stiúrthóirí leo lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag Bus Éireann, An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Stiúrthóirí

Ceapann Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá na stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2007 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach (Athcheaptha 28 Márta, 2008)

An tUasal J. Byrne

K. Byrne Uasal (D'éirí as 31 Bealtaine 2007)

An tUasal J. Hegarty (Athcheaptha 29 Márta, 2008)

T. Honan Uasal (Athcheaptha 29 Márta, 2008)

An tUasal R. Langford (Athcheaptha 29 Márta, 2007)

An tUasal J. Moloney (Athcheaptha 1 Eanáir, 2007 agus athcheaptha 1 Eanáir, 2008)

An tUasal B. Mc Camley (Athcheaptha 1 Eanáir, 2007 agus athcheaptha 1 Eanáir, 2008)

An tUasal J. Pender (Ceaptha 29 Aibreán, 2007)

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Iniúcháirí

Léirigh na hiniúcháirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

An Dr. J.J. Lynch

Cathaoirleach

An tUasal R. Langford

Stiúrthóir

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas na cuideachta don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bhus Éireann

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 19 go dtí 32.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí faoi seach

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeán chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn mar atá leagtha amach ar leathanach 17 sa Ráiteas d'Fheagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é an fheagracht atá orainne inniúcháireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le feagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscimid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006. Luaimid an bhfuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscimid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeáda ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chlár chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipiteal glaoite.

Tuairiscimid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí.

Bunús leis an Tuairim Iniúcháireachta

Chuathas i mbun na hiniúcháireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúcháireachta. Déantar, mar chuid den iniúcháireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaithear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amháin an 31 Nollaig 2007 agus ar a brabús agus ar a insreabhadh airgid don bhliain dár chríoch amhlaidh, agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006.

Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 14 go dtí 16 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 21, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2007, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

PricewaterhouseCoopers,

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe, Baile Átha Cliath.

Dáta: 3 Aibreán 2008

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an chuideachta:

(A) Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsíú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

(B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímhneas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímhneas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímhneas:

(i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadán atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil. Dímheastar costais stairiúla busanna scoile trí thráthchodanna bliantúla comhionanna thar a saoil úsáideacha measta.

(ii) Gléasra agus innealra

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

(C) Sócmhainní ar léas

Léasanna oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosa na faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

(D) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscriobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chlár chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

(E) Íocaíochtaí agus Deontais Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

(i) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le hiocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

(ii) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Muirearaítear deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(F) Airgead coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chlár chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

(G) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a soláthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaíthe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaitheint ag luachálacha achtúireacha tréimhsíúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime.

Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

Bliain dar chríoch an 31 Nollaig	Nótaí	2007 €000	2006 €000
Iocam		282,948	265,069
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	1	(130,014)	(122,703)
Ábhair agus seirbhísí	2	(179,296)	(159,282)
Dímheas	3	(13,869)	(12,164)
Iomlán na gcostas oibríochta		(323,179)	(294,149)
Easnamh roimh ús, Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus ranníocht ó mháthairchuideachta agus scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir		(40,231)	(29,080)
Ús infhaighte		1,516	932
Easnamh roimh Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ranníocht ó mháthairchuideachta agus scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir		(38,715)	(28,148)
Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	20	36,595	26,459
Easnamh tar éis Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh ranníocht ó mháthairchuideachta agus scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir		(2,120)	(1,689)
Rannaíocht ó mháthairchuideachta		-	4,000
(Easnamh)/Barrachas don bhliain tar éis Íocaíochta Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus tar éis ranníocht ó mháthairchuideachta agus roimh scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir		(2,120)	2,311
Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir	8	9,023	-
Barrachas ag deireadh na bliana tar éis Íocaíochta Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus ranníocht ó mháthairchuideachta	12	6,903	2,311

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an chuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Thar ceann an bhoird

An Dr. J.J. Lynch

Cathaoirleach

An tUasal R. Langford

Stiúrthóir

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2007 €000	2006 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	4	121,706	95,192
Sócmhainní reatha			
Stoic	5	4,732	4,920
Féichiúnaithe	6	69,218	56,274
Airgead sa bhanc agus airgead ar lámh		843	901
		74,793	62,095
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	7	(54,065)	(45,598)
Glansócmhainní reatha		20,728	16,497
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		142,434	111,689
Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirir	8	(39,500)	(45,525)
Ioncam larchurtha	9	(58,888)	(29,021)
		44,046	37,143
Arna mhaoiniú ag:			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	10	29,204	29,204
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	11	-	6,952
Cuntas brabúis agus caillteanais	12	14,842	987
Cistí scairshealbhóirí	12	44,046	37,143

Thar ceann an bhoird

An Dr. J.J. Lynch

Cathaoirleach

An tUasal R. Langford

Stiúrthóir

Bliain dar chríoch an 31 Nollaig		2007 €000	2006 €000
	<i>Nótaí</i>		
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	13(a)	14,157	19,459
Toradh ar infheistíocht agus seirbhísí airgeadais			
Ús infhaighte		1,516	932
		15,673	20,391
Caiteachas caipitil			
Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe	4	(46,281)	(31,926)
Dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe		-	103
Deontais chaipitil a fuarthas	9	40,361	12,835
		(5,920)	(18,988)
Insreabhadh roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú		9,753	1,403
Bainistiú ar acmhainní leachtacha			
Gluaiseacht i méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta	13(b)	(9,311)	(1,182)
Méadú in airgead tirim	13(b)	442	221

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

Réiteach an ghlan-shreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí

Méadú in airgead tirim sa bhliain	442	221
Airgead tirim ó athrú in acmhainní leachtacha	9,311	1,182
Gluaiseacht i nglanchistí	9,753	1,403
Glanchistí amhail an 1 Eanáir	41,785	40,382
Glanchistí amhail an 31 Nollaig	51,538	41,785

1. Párolla agus Costais Ghaolmhara

	2007 €000	2006 €000
Costais foirne		
Pá agus tuarastal	110,768	105,135
Costais leasa shóisialaigh	9,380	8,736
Costais pinsin eile	5,808	6,158
	125,956	120,029
Costais an chláir athraithe	4,006	2,658
Obair innealtóireachta do chuideachtaí grúpa	(80)	(113)
Glanchoistais foirne	129,882	122,574
Luach saothair na stiúrthóirí		
Díolaíochtaí		
- do sheirbhísí mar stiúrthóirí	79	78
- do sheirbhísí eile	53	51
	132	129
Iomlán luach saothair na stiúrthóirí agus díolaíochtaí	132	129
Párolla agus costais ghaolmhara	130,014	122,703

Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana mar seo a leanas:

	Líon foirne	
	2007	2006
Lánaimseartha	2,249	2,216
Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha	535	540
Iomlán	2,784	2,756

2. Ábhair agus Seirbhísí

	2007 €000	2006 €000
Breosláí agus bealadh	15,823	14,167
Conraitheoirí eile	115,916	100,108
Cáin bhóthair agus ceadúnais	339	309
Feithiclí léasa oibríochta ar cíós	674	720
Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra (nóta 8)	7,903	6,515
Rátaí	736	717
Luach saothair na n-íniúcháirí	50	50
Ábhair agus seirbhísí eile	37,855	36,696
	179,296	159,282

3. Dímhéas agus Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainní Inláimhsithe

	2007 €000	2006 €000
Dímhéas shócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 4)	19,011	16,425
Caillteanas ar dhiúscairt	756	79
Amúchadh deontais (nóta 9)	(5,898)	(4,340)
	13,869	12,164

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000	Gléasra Agus Innealra €000	Iomlán €000
Costas			
Amhail an 1 Eanáir, 2007	207,492	11,648	219,140
Breiseanna	43,515	2,766	46,281
Diúscairtí	(14,404)	-	(14,404)
Amhail an 31 Nollaig, 2007	236,603	14,414	251,017
Dímhéas			
Amhail an 1 Eanáir, 2007	117,987	5,961	123,948
Muirear don bhliain	17,836	1,175	19,011
Diúscairtí	(13,648)	-	(13,648)
Amhail an 31 Nollaig 2007	122,175	7,136	129,311
Glanmhéideanna leabhair			
Amhail an 31 Nollaig, 2007	114,428	7,278	121,706
Amhail an 31 Nollaig, 2006	89,505	5,687	95,192

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímhéasa:

Saol (Blianta)

Feithiclí paisinéirí bóthair	8 – 14
Gléasra agus innealra	5 – 10

(b) Dímhéasadh feithiclí paisinéirí bóthair ag costas €24,355,556 (2006 – €15,331,716) go hiomlán ach táthar fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €21,548,709 (2006 – €4,754,453) san áireamh ar shócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig, 2007 i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil fós i mbun seirbhíse.

5. Stoic

	2007 €000	2006 €000
Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála	3,543	3,443
Breosláí, bealadh agus stoic éagsúla	1,189	1,477
	4,732	4,920

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna a choimeádtar go riachtanach chun riachtanais oibríochta fadtéarmacha a chomhlíonadh. Níl luach athsholáthair stoc ró-éagsúil óna leabharluach.

6. Féichiúnaithe

	2007 €000	2006 €000
Féichiúnaithe trádála	1,966	2,335
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	12,207	8,855
Méideanna dlite den chuideachta shealbháíochta (nóta 13(b))	50,695	41,384
Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhráithe	4,350	3,700
	69,218	56,274

7. Creidiúnaithe

	2007 €000	2006 €000
(A) Méideanna dlite laistigh den bhliain amháin		
Creidiúnaithe trádála	17,209	15,722
Ioncam le cáin asbhainte faoi ÍMAT	1,379	1,319
Árachas sóisialta pá-choibhneasta	1,457	1,156
Cáin bhreisluacha agus cáin eile	514	1,057
Creidiúnaithe eile	1,995	1,644
Fabhrúithe	12,469	9,754
Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra (nóta 8)	9,000	9,000
Ioncam larchurtha (nóta 9)	10,042	5,446
Iasacht ón gcuideachta shealbháíochta	-	500
	54,065	45,598
Tá creidiúnaithe do chánachas agus do leas shóisialta san áireamh thuas	3,350	3,532

8. Soláthairtí le Haghaidh Dliteanas agus Muirear

	2007 €000	2006 €000
Éilimh Dliteanais ón Tríú Páirtí & ó Fhostóirí		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	54,525	51,697
Úsáid i rith na bliana	(4,905)	(3,687)
Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 2)	7,903	6,515
Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir	(9,023)	-
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig, 2007	48,500	54,525
Cionaithe:		
Dliteanais reatha (nóta 7)	9,000	9,000
Méideanna dlite tar éis bliain amháin	39,500	45,525
	48,500	54,525

Éilimh Dliteanais ón Tríú Páirtí agus ó Fhostóirí

Aistríodh soláthair ag teacht ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an chuntas brabúis agus caillteanais oiread sin agus go bhfuil sé measta go bhfuil os-soláthar déanta i bhfianaise na n-éileamh le tamall anuas.

Muirearaítear aon chailliúntí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus muirir.

(A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

- Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €2,000,000 i gcás busanna scoile agus €2,000,000 i gcás iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US\$3,300,000 é.
- Dliteanas Oibreoirí Turais don Ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 maidir le haon eachtra amháin agus ar an iomlán, faoi réir farasbarr de €250,000.
- Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;
 - ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuille, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é, agus
 - aon dhamáiste eile ó thuille áit gur os cionn €250,000 é.
- Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2007 go dtí Márta 2008, faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe Grúpa fhoriomlán de €27,000,000.
- €30,000,000 an clúdach Dliteanais Phoiblí Sceimhlitheoireachta don Ghrúpa faoi réir na farasbairr chuí sa chatagóir eachtra.
- Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas dliteanais comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2007 go dtí Márta 2008, do dhliteanais tríú páirtí iompair ráille agus bóthair agus rioscaí eile.
- Gach Baol, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúntí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán.
- €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus rothra bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoin eile, do gach uile cheann de na caillteanais.

8. Soláthairtí le Haghaidh Dliteanas agus Muirear *(ar leanúint)*

(B) Soláthar d'Éilimh ón Tríú Páirtí agus ó Fhostóirí agus Aisghabhálacha Gaolmhara

Soláthraítear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chlár chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar trí éilimh a shocrú. Glacann an cuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena nochtuithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na ndliteanas féideartha neamhíochta á ríomh, úsáideann an cuideachta teicnící meastacháin éagsúla, bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boiscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíochta á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí mar a thuairiscítear iad, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir leis an gcostas a bhain le héilimh le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin a shocrú.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á tabhairt ar fhógra ó bhróicéirí an chuideachta maidir le haon athárachóirí in athrith.

9. Ioncam larchurtha

Tá an cuntas seo comhdhéanta de dheontais neamh-inaisíochta ón AE agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (polasaí cuntasáíochta E).

	2007 €000	2006 €000
Deontais Chaipitil		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	34,467	25,972
Faighte agus infhaighte	40,361	12,835
Aistriú chuig cuntas brabúis agus caillteanais	(5,898)	(4,340)
Iarmhéid tugtha chun cinn	68,930	34,467
Lúide aistriú chuig dliteanais reatha (nóta 7)	(10,042)	(5,446)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	58,888	29,021

10. Scairchaipiteal

	2007 €000	2006 €000
Údaraithe		
Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann	40,632	40,632
Leithroinnte, glaoite agus láníochta:		
Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann	29,204	29,204

11. Cúlchiste Athsholáthair Sócmhainní

	2007 €000	2006 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	6,952	6,952
Aistriú gom Cuntas Brabúis agus Caillteanais	(6,952)	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	-	6,952

12. Réiteach Gluaiseachta i gCistí Scairshealbhóirí

	larmhéid amhail an 1 Eanáir €000	Aistriú €000	Barrachas don bhliain €000	larmhéid amhail an 31 Nollaig €000
2007				
Scairchaipiteal glaoite	29,204			29,204
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	6,952	(6,952)		
Brabús agus caillteanas	987	6,952	6,903	14,842
Iomlán chiste gnáthscaire scairshealbhóirí	37,143	-	6,903	44,046
2006				
Scairchaipiteal glaoite	29,204			29,204
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	6,952			6,952
Brabús agus caillteanas	(1,324)		2,311	987
Iomlán chiste gnáthscaire scairshealbhóirí	34,832		2,311	37,143

13. Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid

	2007 €000	2006 €000
(A) Réiteach easnamh oibríochta chuig glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta		
Easnamh oibríochta roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus ranníocht ó mháthairchuideachta	(40,231)	(29,080)
Íocaíocht oibleagáide seirbhíse poiblí agus ranníocht ó mháthairchuideachta	36,595	30,459
	(3,636)	1,379
Dímhéas agus caillteanas ar dhiúscairt shócmhainní seasta inláimhsithe	19,767	16,504
Deontais chaipitil a amúchadh	(5,898)	(4,340)
Scaoileadh soláthar do dhliteanais agus muirir	9,023	-
Laghdú/(Méadú) ar stoic	188	(474)
(Méadú) ar fhéichiúnaithe	(3,633)	(2,483)
Méadú ar chreidiúnaithe	4,371	6,045
(Laghdú)/Méadú ar sholáthairtí le haghaidh dliteanas agus muirir	(6,025)	2,828
Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	14,157	19,459

13. Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid (ar leanúint)

(B) Anailís ar athrú i nglanchistí

	Amhail an 1 Eanáir 2007 €000	Sreabhadh €000	Amhail an 31 Nollaig 2007 €000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	901	(58)	843
Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta	(500)	500	-
Méideanna dlíte den chuideachta shealbhaíochta	41,384	9,311	50,695
	41,785	9,753	51,538

14. Oibleagáidí Léasa Oibríochta

	2007 €000	2006 €000
Rachaidh tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chur ar ceal a bheidh iníoctha sa bhliain seo romhainn in éag mar seo a leanas:		
Laistigh de bhliain amháin	-	-
Idir bliain amháin agus cúig bliana	141	141
	141	141

15. Pinsin

Tá móramh d'fhostaithe an chuideachta rannpháirteach i scéimeanna pinsin sochair sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ. Infheistítear ranníocaíochtaí ón gcuideachta agus ó na fostóirí i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbheithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgte.

Cé gur scéimeanna sochair shainmhínithe iad na scéimeanna, níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na scéimeanna a shainaithint. Léirigh staid achtúireach na scéimeanna amhail an 31 Nollaig, 2007, ag baint úsáide as na boinn a éilítear le FRS 17 easnamh de €162.8 milliún. Tá na mionsonraí a éilíonn Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais 17 (Sochair Scoir) i ndáil leis na scéimeanna i gcuntais Chóras Iompair Éireann.

16. TIOMANTAIS CHAIPITIL

	2007 €000	2006 €000
Ar chonradh do	62,859	7,654
Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do	11,095	4,221
	73,954	11,875
Maoiniú	41,888	7,801

17. Dlíteanais Theagmhasacha

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

18. Glan Bharrachas/easnamh de Réir Gníomhaíochta

	Seirbhísí Poiblí				
	Iompar tráchtála agus scoileanna €000	Iompar Céime €000	Cathair €000	Fo-iomlán €000	Iomlán €000
2007					
Ioncam	216,371	42,077	24,500	66,577	282,948
Costais	208,389	63,306	40,945	104,251	312,640
Barrachas/(easnamh) roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	7,982	(21,229)	(16,445)	(37,674)	(29,692)
Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí				36,595	36,595
Barrachas/(easnamh) don bhliain	7,982			(1,079)	6,903
2006					
Barrachas/(easnamh)	7,243			(4,932)	2,311

Oibríonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompair scoileanna agus seirbhíse poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a oibrítear ar bhonn tráchtála ná Expressway. Oibrítear an scéim Iompair Scoileanna faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bhonn aisghabhála costais. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i leith na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin. Déantar costais do Expressway, Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn méadrach, díorthaithe ó chostais iarbhire i dtréimhse roimhe sin, staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste.

19. Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

20. Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Ba €36,595,000 a bhí san Oibleagáid Seirbhíse Poiblí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbháíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007 (2006 - €26,459,000 móide €4,000,000 ó CIÉ).

21. Comhaltacht Ghrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Éireann - Irish Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

22. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 31 Márta 2008.